An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Comórtas Oscailte do cheapachán Eolaí Tionscadail Sinsearach/ Bainisteoir Tionscadail Cúnta (Conradh sealadach dar críoch 20ú Meitheamh 2028)

Tá iarratais á lorg ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don bpost thuas ar an dTionscadal Comhtháite *Waters of LIFE* an AE.

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, pleanáil fhisiciúil agus spásúil, rialtas áitiúil, réamhaisnéisiú aimsire agus oidhreacht uathúil na hÉireann a chaomhnú agus a bhainistiú ar son tairbhe ghlúine an lae inniu ann agus ghlúine na todhchaí.

Is cuid de mhaoiniú an AE don chomhshaol agus do ghníomhú ar son na haeráide é clár LIFE an Aontais Eorpaigh.

Tá sé mar aidhm ag an dTionscadal Comhtháite *Waters of LIFE* deireadh a chur le caillteanas na n-aibhneacha is luachmhaire in Éirinn. Is ceann de na himní is mó agus is leanúnacha ó thaobh chaighdeáin uisce é caillteanas leanúnach aibhneacha ardstádais Éireannacha.Bunófar tionscadal taispeána mar chuid den tionscadal seo chun bearta éifeachtacha a fhorbairt, a thástáil agus a fhíorú chun an gnás meathlach seo a laghdú.

Roghnaíodh sé dhobharcheantar tionscadail ar fad: cúig dhobharcheantar tástála agus dobharcheantar rialaithe amháin. Beidh sé mar aidhm ag an dtionscadal buntáistí éagsúla a spreagadh ar mhaithe le gníomhú ar son na haeráide agus bithéagsúlacht. Beidh 'Scéim Íocaíochta Agra-Chomhshaoil Bunaithe ar Thorthaí' (RBAPS) in áireamh sa tionscadal seo le haghaidh úinéirí talún rannpháirteacha. Gné thábhachtach den tionscadal a bheidh sa rannpháirtíocht agus cumarsáid le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal.

Feidhmeoidh foireann an tionscadail mar fhoireann neamhspleách le linn tréimhse an tionscadail. Oibreoidh an Fhoireann i ndlúthchomhar le tionscadail Plean Bainistíochta Abhantraí agus comhlachtaí forfheidhmithe eile cosúil le Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) agus Clár Dobharcheantar "Blue Dot" na nÚdarás Áitiúil. Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal seo faoi bhun ar feadh seacht mbliana, i ndá chéim.

Tuilleadh Eolais
Má theastaíonn tuilleadh eolais agus sonraí maidir leis an bpost uait féach ar:
www.gov.ie/housing/recruitment

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Roinn/Údarás Fostaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta

Earcaíocht
Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta ag earcú don bpost seo de réir a Ceadúnais Earcaíochta atá eisithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) agus de réir Chód Cleachtais CPSA.

Suíomh Gréasáin na Roinne/an Údaráis Fostaíochta
www.gov.ie/housing

Suíomhanna
Tá an oifig tionscadail lonnaithe i gCromadh i Luimneach. Beidh ar an t-iarrathóir ráthúil freastal ar an bpríomhoifig (ach amháin nuair is gá tabhairt faoi obair a bhaineann leis an dtionscadal lasmuigh den láthair) ón ndáta cheapacháin go ceann deireadh an tionscadail. Ar a shon sin, d'fhéadadh go mbeidh cianobair nó obair chumaiscthe ceadaithe i gcúinsí áirithe.

D'fhéadfadh go mbeidh gá freastal ar uaireanta oibre neamhghnácha chun riachtanais an tionscadail a chomhlánú. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeidh ort freastal ar chruinnithe le geallchoimeádaithe lasmuidh de ghnáth uaireanta oifige.

Tá an rannóg chomhordaithe de Rannóg Uisce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta lonnaithe i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath agus d'fhéadfadh go n-iarrfaí ar an t-iarrathóir ráthúil freastal ar chruinnithe ansin ó am go chéile.

Iarratais
Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas ná **3:00 PM 30 Eanáir 2023**

Ba cheart d'iarratasóirí foirmeacha iarratais chomhlánaithe a sheoladh chuig recruitment@housing.gov.ie

Tabhair faoi deara: Ní bhreithneofar ach iarratais a fhaightear ar an bhfoirm iarratais oifigiúil.
www.gov.ie/housing earcaíochta

Dáta Fógraíochta
13 Eanáir 2023

Dáta Deiridh a nglacfar le hIarratais
30 Eanáir 2023 (3PM)